2024/2070

29.7.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2070 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Iúil 2024**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 ([1]), agus go háirithe Airteagal 47(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1509.

(2) An 7 Márta agus an 15 Aibreán 2024, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le dhá eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/1509 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1509 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

BÓKA J.

---

([1]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, faoin gceannteideal '(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 29 agus 54:

| | Ainm | Ailias | Suíomh | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Faisnéis eile |
|---|---|---|---|---|---|
| '29. | National Aerospace Technology Administration (NATA) | ar a dtugtaí: National Aerospace Development Administration;<br>ar a dtugtaí: NADA | DPDC | 2.3.2016 | Tá NATA rannpháirteach i bhforbairt na spáseolaíochta agus na spásteicneolaíochta in DPDC, lena n-áirítear lainseálacha satailíte agus roicéid iompróra. |
| 54. | Ministry of National Defence | Ministry of National Defence;<br>Ministry of Defence;<br>Ministry of Defense;<br>ar a dtugtaí: Ministry of the People's Armed Forces (MPAF) | Pyongyang, DPDC | 22.12.2017 | Bainistíonn an Ministry of National Defence riachtanais ghinearálta riaracháin agus lóistíochta Arm Pobail na Cóiré.' |



ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2070/oj